# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Nótaí Mínithe don Mharcáil ar Líne

| Siombail | Cur síos | Ciallaíonn sé |
|---|---|---|
|  | Tic le huimhir | Tic le luach na marcanna bronnta (m.sh. 3 mharc) |
|  | Náid | Gan aon mharc bronnta |
|  | Tic (bán) | Pointe bailí/ceart/ábhartha, ach gan aon mharc bronnta mar tá an t-uasmharc faighte cheana |
|  | Corrach ceartingearach | Leathanaigh/ranna feicthe ag an scrúdaitheoir |
| **GF** | Gan aon fhreagra | Níor freagraíodh an cheist |

**Réasúnaíocht**

Is leis na Torthaí Foghlama atá ar fáil i Sonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí a leagtar amach cad ba cheart a bheith ar eolas ag daltaí, cad ba cheart dóibh a thuiscint agus cad ba cheart dóibh a bheith in ann a dhéanamh. Torthaí Foghlama don Stair a thástáil is aidhm leis na ceisteanna ar an scrúdpháipéar seo. Déantar tástáil ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a shealbhaíonn daltaí ina gcuid staidéir.

Ní bheidh sna Torthaí Foghlama a bheidh le measúnú in aon scrúdú ar leith ach sampla de na Torthaí Foghlama uile don Stair. D’fhéadfadh sé go ndéanfaí níos mó na aon Toradh Foghlama amháin a thástáil ag an am céanna i roinnt ceisteanna. Déanfar Torthaí Foghlama Shnáithe a hAon a thástáil i gceisteanna i ngach cuid den scrúdpháipéar.

Glactar leis gur féidir le múinteoirí agus daltaí dul i ngleic le Torthaí Foghlama ar bhealaí éagsúla, ag brath ar ábhair spéise ar leith, cúinsí áitiúla, srl. Glacfar le léamha éagsúla ar na Torthaí Foghlama laistigh den phróiseas marcála.

**Próiseas Marcála**

An méid seo a leanas atá i gceist leis an bpróiseas marcála:

- Gach freagra a léamh go cúramach agus anailís chúramach a dhéanamh air.
- Marcanna a thabhairt do gach freagra de réir na scéime marcála comhaontaithe.

Léigh na freagraí ar fad a thugtar, lena n-áirítear freagraí sa bhreis, na freagraí céanna a thugtar níos mó ná uair amháin nó freagraí cealaithe. Glactar leis an bhfreagra a fhaigheann an marc is airde, laistigh de na treoirlínte don scrúdpháipéar.

Bíonn freagraí/pointí ar leith ag teastáil i gcás roinnt ceisteanna, mar atá leagtha amach sa scéim mharcála. Níor cheart marcanna a bhronnadh ar aon fhreagra seachas an freagra a thugtar sa scéim nó freagra comhchiallach.

Tá freagraí éagsúla ceadaithe i gcás ceisteanna eile. Níl sna pointí samplacha a thugtar sa scéim mharcála ach pointí táscacha; d'fhéadfadh pointí/freagraí malartacha a bheith bailí. Úsáidtear 'srl.' mar chomhartha go bhféadfaí glacadh le freagraí eile.

Má tá aon amhras ann faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór don scrúdaitheoir dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

Ní mór do scrúdaitheoirí nótaí mínithe a chur le freagraí na n-iarrthóirí mar a dúradh ag an gcomhdháil mharcála.

Má scríobhann iarrthóir níos mó ina f(h)reagra ná an méid a theastaíonn chun an t-uasmharc a bhaint amach, ba chóir don scrúdaitheoir ticeanna "bána" a chur isteach chun a léiriú cá bhféadfaí marcanna breise a bhronnadh.

Ba cheart nóta mínithe 'náid' a chur isteach sa chás gur tugadh freagra ar cheist ach nach bhfuil sé maith a dhóthain chun marcanna a ghnóthú.

Ba cheart don scrúdaitheoir GF (Gan aon Fhreagra) a chur isteach sa chás nár tugadh freagra ar bith ar cheist.

Níor chóir pionós a ghearradh i gcás earráidí litrithe, gramadaí agus/nó poncaíochta.

| C 1 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Cén fáth a bhfuil tábhacht leis na taifid a choinnítear i gcartlanna, de réir **Fhoinse 1**?*<br><br>Is nithe uathúla iad taifid chartlainne/nach féidir a athsholáthar/agus a bhfuil luach fadtéarmach leo. **3 mharc** | **3** |
| **(b)** | *Ó **Fhoinse 1**, conas is féidir damáiste a dhéanamh d'ábhair chartlainne?*<br><br>Is féidir tine/taise/solas/teas/bandaí leaisteacha/stáplaí/fáiscíní páipéir damáiste a dhéanamh d'ábhair chartlainne **3 mharc** | **3** |
| **(c)** | *Ón léaráid, céard é an seoladh gréasáin atá ag Cartlann Uíbh Fhailí?*<br><br>www.offalyarchives.com **3 mharc** | **3** |
| **(d)** | *Ag baint úsáid duit as **Foinse 1**, mínigh an chaoi a mbaineann **trí** cinn de na grianghraif thuas le hobair i gcartlann.*<br><br>1. Cáipéisí atá ag teacht isteach a gcaithfear a ghlanadh agus a shórtáil<br>2. Cartlannaí ag fáil comhaid/ag cur comhad ar ais sa stóras<br>3. Cáipéis a thaispeánann damáiste a rinne fáiscín páipéir atá bainte<br>4. Cáipéisí salacha atá le glanadh/cáipéisí a mbainfear na bandaí leaisteacha uathu/cáipéisí a gcaithfear a chaomhnú<br>5. [Doiciméad i bhfillteán saor ó aigéad]<br>6. Staraí ag déanamh staidéar ar cháipéis sa seomra léitheoireachta/staraí ag breathnú ar chatalóg<br><br>Trí cheann ar bith (*seachas* uimh. 5): **3 x 3 mharc**<br><br>Glac le léirmhínithe réasúnta de na grianghraif. | **9** |
| **(e)** | *Cén uair a ritheadh an rún i bh**Foinse 3** agus cén uair a cuireadh ar ceal é?*<br><br>Ritheadh: Bealtaine 1916 **3 mharc**<br><br>Cuireadh ar ceal: 1/9/20 nó Meán Fómhair 1920 **3 mharc** | **6** |
| **(f)** | *Ainmnigh an t-imeacht i stair na hÉireann a phléigh comhairleoirí bhaile Thulach Mhór i mí na Bealtaine 1916.*<br><br>Éirí Amach 1916/Éirí Amach na Cásca **3 mharc** | **3** |

| C 1 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(g)** | *Ag baint úsáid duit as* ***Foinse 3****, cad a d'fhéadfadh staraí a fhoghlaim faoi athruithe i ndearcadh daoine i leith an imeachta sin ón doiciméad?*<br><br>Déan caighdeán an fhreagra a mharcáil ar scála aistritheach de 6 mharc:<br><br>**5-6 mharc = sármhaith**<br>**3-4 mharc = maith/an-mhaith**<br>**1-2 mharc = dona/réasúnta**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Ní mór d'fhreagraí míshástacht tosaigh i leith Éirí Amach na Cásca agus tacaíocht d'Éirí Amach na Cásca ina dhiaidh sin a phlé. | **6** |

(33 marc)

| C 2 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Cad is brí leis an téarma 'Reifirméisean'?*<br><br>Déan caighdeán an fhreagra a mharcáil ar scála aistritheach de 3 mharc:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Tréimhse athraithe creidimh san Eoraip/nuair a scaradh an Eaglais Chaitliceach mar gheall ar theacht chun cinn an Phrotastúnachais (nó sainmhíniú comhchosúil). | **3** |
| **(b)** | *Cad is brí le 'cúis' agus 'iarmhairt' maidir le himeachtaí sa stair?*<br><br>Déan caighdeán gach mínithe a mharcáil ar scála aistritheach de 3 mharc:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha** **3 + 3 mharc**<br><br>Ba cheart do na mínithe *nasc* idir an t-imeacht agus an méid a tharla roimhe agus ina dhiaidh a thaispeáint. | **6** |
| **(c)** | *Maidir leis na ráitis seo a leanas, an cúiseanna nó iarmhairtí iad i gcás an Reifirméisin sa 16ú haois san Eoraip? Cuir isteach tic (✓) sa bhosca ceart thíos.*<br><br>Sé thic ceart: **6 x 3 mharc**<br><br>Cúis, Iarmhairt, Cúis, Iarmhairt, Iarmhairt, Cúis | **18** |
| **(d)** | *Ainmnigh an leasaitheoir creidimh ar a ndearna tú staidéar mar chuid de chúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí.*<br><br>Aithint shoiléir leasaitheoir amháin ó ré an Reifirméisin **3 mharc** | **3** |
| **(e)** | *Luaigh **trí** phrionsabal creidimh a luaitear leis an leasaitheoir sin.*<br><br>Trí chreideamh a bhaineann leis an leasaitheoir ainmnithe: **3 x 3 mharc** | **9** |
| **(f)** | *Mínigh **trí** ghníomh a rinne an leasaitheoir sin chun athrú creidimh a chur i bhfeidhm.*<br><br>Déan caighdeán gach pointe a mharcáil ar scála aistritheach de 3 mharc:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha** **3 x 3 mharc** | **9** |

(48 marc)

| C 3 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Cad a bhí Chichester ag iarraidh ar na gealltóirí a thógáil?*<br>Foirgnimh láidre/bábhúin/tithe cloiche **3 mharc** | **3** |
| **(b)** | *Cén obair a bhí ar siúl ag na gealltóirí ina ionad sin, de réir Chichester?*<br>Ag saothrú ar mhaithe le brabús a dhéanamh ón talamh **3 mharc** | **3** |
| **(c)** | *Tabhair **dhá** chúis a bhféadfaí ionsaí a dhéanamh go héasca ar na gealltóirí, dar le Chichester.*<br>Dhá chúis: **3 + 3 mharc**<br>Cónaíonn siad i dtithe ceann tuí laga nó níor thóg siad tithe láidre/níor thóg siad bábhúin/ní chónaíonn siad i mbailte nó cónaíonn siad scaipthe timpeall a n-eastát/ní dhearna siad aon ullmhúchán chun iad féin a chosaint | **6** |
| **(d)** | *Cad a chuir bac ar mhuintir Uladh ionsaí a dhéanamh ar na gealltóirí?*<br>Níl airm/muinisin/uirlisí troda acu **3 mharc** | **3** |
| **(e)** | *Meaitseáil A, B, C agus E leis na gnéithe eile atá liostaithe sa tábla thíos.*<br>Ceithre ghné: E, A, [D], B, C **4 x 3 mharc** | **12** |
| **(f)** | *Léigh **Foinse 1** arís. Cad iad na gnéithe a thaitneodh le Chichester, b'fhéidir, i sráidbhaile Chill Ria mar a thaispeántar i bh**Foinse 2** é agus cad iad na gnéithe nach dtaitneodh leis ann, b'fhéidir? Mínigh do fhreagra.*<br>Thaitneodh agus ní thaitneodh: **3 + 3 mharc**<br>Déan caighdeán gach pointe a mharcáil ar scála aistritheach de 3 mharc:<br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br>Bronn 3 mharc ar phointí a dhéanann nasc soiléir idir an dá fhoinse. | **6** |
| **(g)** | *Ainmnigh an phlandáil a ndearna tú staidéar uirthi i gcúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí, agus ainmnigh an Rí nó an Bhanríon a d'ordaigh an phlandáil sin a dhéanamh.*<br>Ainm na plandála: **3 mharc**<br>Ainm an Rí nó Banríon chomhfhreagrach: **3 mharc**<br>Glac le Cromail agus Plandáil Chromail<br>Mura n-ainmnítear aon phlandáil, ná bronn aon mharc as ainmniú rí/banríona | **6** |

| C 3 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(h)** | *Déan cur síos ar **dhá** bhealach ar chuir an phlandáil sin leis an athrú in Éirinn.*<br>Déan caighdeán gach pointe a mharcáil ar scála aistritheach de 6 mharc:<br>**5-6 mharc = ármhaith**<br>**3-4 mharc = maith/an-mhaith**<br>**1-2 mharc = dona/réasúnta**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha** **6 + 6 mharc** | **12** |

(51 marc)

| C 4 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Deán cur síos ar* ***dhá*** *phointe codarsnachta idir an saol sa Fhrainc agus an saol i Sasana, de réir an ealaíontóra i bh****Foinse 1****?*<br><br>Dhá chodarsnacht: **3 + 3 mharc**<br><br>Ní mór d'fhreagraí nasc soiléir a dhéanamh idir dhá thaobh na híomhá. | **6** |
| **(b)** | *Cén teachtaireacht, dar leat, a theastaigh ón ealaíontóir a thabhairt don lucht féachana a bhí aige i Sasana faoi Réabhlóid na Fraince? Bíodh fianaise as* ***Foinse 1*** *agat mar thacaíocht le do fhreagra.*<br><br>Déan caighdeán an fhreagra a mharcáil ar scála aistritheach de **6 mharc**:<br><br>**5-6 mharc = sármhaith**<br>**3-4 mharc = maith/an-mhaith**<br>**1-2 mharc = dona/réasúnta**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Ní mór don fhreagra a léiriú go bhfuil dearcadh diúltach ag an ealaíontóir ar an réabhlóid agus ba cheart don fhreagra tagairt a dhéanamh d'fhianaise ón íomhá. | **6** |
| **(c)** | *Ainmnigh réabhlóid san Eoraip nó sa domhan mór (****ní*** *in Éirinn) a ndearna tú staidéar uirthi mar chuid de chúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí.*<br><br>Aithint shoiléir ar réabhlóid san Eoraip nó sa domhan mór: **3 mharc** | **3** |
| **(d)** | *Mínigh* ***trí*** *chúis a bhí leis an réabhlóid a ndearna tú staidéar uirthi.*<br><br>Trí chúis a bhaineann leis an réabhlóid ainmnithe: **3 x 3 mharc**<br><br>Déan gach míniú a mharcáil ar scála aistritheach de 3 mharc:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha** | **9** |
| **(e)** | *Ainmnigh duine amháin a bhí páirteach sa réabhlóid sin agus déan cur síos gairid ar an ról a bhí aige/aici sa réabhlóid.*<br><br>Ainm an duine: **3 mharc**<br>Aimsigh trí phointe maidir lena ról sa réabhlóid: **3 x 3 mharc**<br><br>Tuilleann eolas beathaisnéiseach nach bhfuil aon bhaint aige leis an ábhar 0 marc. | **12** |

| C 4 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(f)** | *An dóigh leat go raibh tionchar dearfach agus/nó diúltach ag an réabhlóid sin ar an tír inar tharla an réabhlóid? Tabhair fáthanna le do fhreagra bunaithe ar imeachtaí a tharla le linn na réabhlóide agus/nó ar an tionchar fadtéarmach a bhí ag an réabhlóid.*<br><br>Cuir tic: **3 mharc**<br>Lorg dhá chúis: **2 x 3 mharc**<br><br>Déan gach cúis a mheas ar scála aistritheach de 3 mharc:<br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú. | **9** |

(45 marc)

<table>
<tr><th>C 5</th><th></th><th>Marcanna</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td>Ainmnigh an t-imeacht i stair na hÉireann a thug ar an-chuid daoine Éire a fhágáil sna 1840idí.<br><br>An Gorta/An Gorta Mór/An Drochshaol 3 mharc</td><td>3</td></tr>
<tr><td>(b)</td><td>Cad faoin saol i Meiriceá, i gcás Mary Garvey, atá dearfach agus cad atá diúltach? Bíodh fianaise as Foinse 1 agat mar thacaíocht le do fhreagra.<br><br>Rud(aí) dearfach(a) agus diúltach(a), le fianaise ón bhfoinse 3 + 3 mharc<br><br>Déan caighdeán gach pointe a mharcáil ar scála aistritheach de 3 mharc:<br><br>3 mharc = an-mhaith<br>2 mharc = maith/réasúnta<br>1 mharc = dona<br>0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha</td><td>6</td></tr>
<tr><td>(c)</td><td>Cad a insíonn an pictiúr i bhFoinse 2 dúinn faoin saol in Éirinn ag an am sin?<br><br>Bronn 3 mharc an ceann suas le 12 mharc ar a mhéad le haghaidh na nithe seo leanas:<br><br>• Pointe tábhachtach a bhaineann le gné den phictiúr<br>• Forbairt ar phointe tábhachtach a chuireann tráchtaireacht/dearcadh/eolas comhthéacsúil nua ar fáil a bhaineann le hÉirinn i ndiaidh an Ghorta Mhóir<br><br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú.<br><br>Is féidir le freagraí tagairt a dhéanamh don tithíocht, troscán, saol tuaithe, éadaí, bróga, saol teaghlaigh, litearthacht, srl.</td><td>12</td></tr>
<tr><td>(d)</td><td>Cad is brí leis an téarma ‘diaspóra na hÉireann’?<br><br>Sainmhíniú soiléir ar an téarma: 3 mharc<br><br>Déan caighdeán an fhreagra a mharcáil ar scála aistritheach de 3 mharc:<br><br>3 mharc = an-mhaith<br>2 mharc = maith/réasúnta<br>1 mharc = dona<br>0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha<br><br>Na milliúin imirceach Éireannach agus a sliochtaigh a chónaíonn lasmuigh d’Éirinn i dtíortha ar nós na Stáit Aontaithe agus an Bhreatain Mhór (nó sainmhíniú comhchosúil).</td><td>3</td></tr>
</table>

| C 5 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(e)** | *Cén fáth a raibh tábhacht le litreacha ó imircigh do theaghlaigh in Éirinn sna 1800idí? Bain úsáid as fianaise as* ***Foinse 1*** *agus/nó as* ***Foinse 2*** *chun tacú le do fhreagra.*<br><br>Déan caighdeán an fhreagra a mharcáil ar scála aistritheach de **6 mharc**:<br><br>**5-6 mharc = sármhaith**<br>**3-4 mharc = maith/an-mhaith**<br>**1-2 mharc = dona/réasúnta**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Nuacht ón teaghlach a sheoladh nó a fháil/nasc a choinneáil leis an teaghlach/gníomhú in éadan an uaignis nó cumha i ndiaidh an bhaile/airgead a sheoladh nó a fháil, srl. | **6** |
| **(f)** | *Cén fáth a bhfuil tábhacht le litreacha ó imircigh do staraithe sna 2000idí? Bain úsáid as fianaise as* ***Foinse 1*** *agus/nó as* ***Foinse 2*** *chun tacú le do fhreagra.*<br><br>Déan caighdeán an fhreagra a mharcáil ar scála aistritheach de **6 mharc**:<br><br>**5-6 mharc = sármhaith**<br>**3-4 mharc = maith/an-mhaith**<br>**1-2 mharc = dona/réasúnta**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Is foinsí príomha iad/tá siad mar fhianaise ar shaol an imircigh/chun foghlaim faoi phoist a dhéanann imircigh/chun foghlaim faoi phá/chun tuiscint a fháil ar shaolta agus mothúcháin daoine aonair ainmnithe, srl. | **6** |

(36 marc)

| C 6 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *In 1978, cén líon Teachtaí Dála a bhí i ngach catagóir thíos?*<br><br>Fir = 142<br>Mná = 6<br>Iomlán = 148 **3 x 3 mharc** | **9** |
| **(b)** | *An bealach maith é graf, ar nós **Foinse 1**, chun sonraí ón stair a chur i láthair? Mínigh do fhreagra.*<br>Is bealach maith é agus/nó ní bealach maith é: **3 mharc**<br>Míniú: **3 mharc**<br><br>Déan caighdeán an mhínithe a mharcáil ar scála aistritheach de 3 mharc:<br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha** | **6** |
| **(c)** | *Cuir isteach na huimhreacha 1, 3, 4, 5 agus 6 sa cholún ar dheis chun éachtaí polaitiúla an tseisear ban a chur in ord cróineolaíoch, ag tosú leis an gceann is luaithe.*<br><br>Seo an t-ord croineolaíoch: [2], 5, 3, 1, 6, 4 **5 x 3 mharc** | **15** |
| **(d)** | *Cérbh iad an chéad bheirt bhan a bhí mar airí i rialtais de chuid na hÉireann, agus cé mhéad bliain a bhí idir a gceapacháin mar aire?*<br><br>An Chuntaois Markievicz<br>Máire Geoghegan-Quinn<br>60 bliain **3 x 3 mharc** | **9** |
| **(e)** | *Ainmnigh éacht polaitiúil **amháin** a bhain Nan Joyce amach, de réir **Fhoinse 2**.*<br><br>Pointe amháin: **3 mharc**<br><br>An chéad duine ón Lucht Siúil a sheas don Dáil/bhuaigh sí 581 vóta/tharraing sí aird ar cheisteanna a bhain leis an gceartas agus cearta daonna | **3** |

| C 6 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(f)** | *Déan cur síos ar athruithe móra a tháinig ar shaol na mban in Éirinn san fhichiú haois i* ***gceann amháin nó níos mó*** *de na réimsí seo a leanas:*<br>• *Oideachas*<br>• *Spórt/Caitheamh aimsire*<br>• *Saol an teaghlaigh/an saol sa bhaile*<br>• *Fostaíocht/obair lasmuigh den bhaile*<br><br>Bronn **3 mharc** ar gach ceann díobh seo a leanas maidir le ceann amháin nó níos mó de na ceannteidil atá liostaithe go huasmhéid **15 mharc**:<br>• Pointe tábhachtach a bhaineann le ceann de na ceannteidil thuas<br>• Pointe tábhachtach a dtógtar air agus eolas nua á chur in iúl dá réir<br><br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú. | **15** |

(57 marc)

<table>
<tr><th>C 7</th><th></th><th>Marcanna</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td>Tá ceann amháin de na téarmaí sa liosta thíos meaitseáilte le míniúchán sa tábla. Meaitseáil ocht dtéarma eile le míniúcháin sa tábla thíos.<br><br>1. Sárchumhachtaí<br>2. Bloc an Iarthair<br>3. Bloc an Oirthir<br>4. Cumannachas<br>5. Caipitleachas<br>6. an Cuirtín Iarainn<br>7. Teoiric an Domanó<br>8. Srianadh<br>9. Imshuí<br>10. Armrás<br>11. [Teoiric MAD]<br>12. Détente<br><br>8 x 3 mharc</td><td>24</td></tr>
<tr><td>(b)</td><td>Tá ceann amháin de na siombailí ar an liosta thuas meaitseáilte lena brí sa bhosca thíos. Meaitseáil na siombailí eile lena mbríonna sa bhosca thíos.<br><br>• An bád/Uncail Sam<br>• [An casúr agus an corrán]<br>• An cnoc oighir dearg<br>• Na leaca uaighe 3 x 3 mharc</td><td>9</td></tr>
<tr><td>(c)</td><td>Cén dearcadh i leith an chumannachais a bhí ag an ealaíontóir a tháirg An Cnoc Oighir Dearg? Cuir tic (✓) le ceann amháin díobh seo a leanas: Tabhair dhá chúis le do fhreagra, bunaithe ar fhianaise ó Fhoinse 1.<br><br>Tic do i gcoinne an chumannachais: 3 mharc<br>Dhá chúis: 2 x 3 mharc<br>Déan caighdeán gach cúise a mharcáil ar scála aistritheach de 3 mharc:<br>3 mharc = an-mhaith<br>2 mharc = maith/réasúnta<br>1 mharc = dona<br>0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha<br><br>Tagairt ar leith don íomhá atá ag teastáil chun 3 mharc iomlán a thuilleamh.</td><td>9</td></tr>
</table>

| C 7 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(d)** | *Ainmnigh duine, ceist nó imeacht* ***amháin*** *a bhaineann leis an gCogadh Fuar. Mínigh conas a chuir an duine, an cheist nó an t-imeacht sin leis an teannas le linn an Chogaidh Fhuair.*<br><br>Ainm an duine, na ceiste, nó an imeachta: **3 mharc**<br>Cur leis an teannas: **9 marc**<br><br>Bronn **3 mharc** ar gach pointe ábhartha mar seo a leanas atá liostaithe go huasmhéid **9 marc**:<br>• Pointe tábhachtach maidir le conas a chuir an duine ainmnithe, an cheist nó an t-imeacht sin leis an teannas le linn an Chogaidh Fhuair<br>• Pointe tábhachtach a dtógtar air agus eolas nua á chur in iúl dá réir<br><br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú.<br><br>Tuilleann eolas beathaisnéiseach nach bhfuil aon bhaint aige leis an ábhar 0 marc. | **12** |

(54 marc)

| C 8 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Ainmnigh an téama a ndearna tú staidéar air a léiríonn patrún athraithe thar thréimhsí ama éagsúla.*<br>Aithint shoiléir ar théama ábhartha: **3 mharc** | **3** |
| **(b)** | *Sainaithin foinse phríomha a d'fhéadfaí a úsáid chun teacht ar fhianaise ar an téama a roghnaigh tú. Cén t-eolas atá le fáil san fhoinse seo faoin téama a roghnaigh tú?*<br>Foinse phríomha amháin: **3 mharc**<br>Eolas atá san fhoinse: **3 mharc**<br>Déan an dara cuid den fhreagra a mharcáil ar scála aistritheach de 3 mharc:<br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha** | **6** |
| **(c)** | *Déan cur síos ar na príomhathruithe a tharla ag na hamanna éagsúla sa téama a roghnaigh tú?*<br>Bronn **3 mharc** an ceann (suas le **18 marc** ar a mhéad) le haghaidh na nithe seo leanas.<br>• Pointe tábhachtach a bhaineann leis an téama roghnaithe<br>• Pointe tábhachtach a bhaineann le hathrú sa téama roghnaithe<br>• Pointe tábhachtach a dtógtar air agus eolas nua á chur in iúl dá réir<br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú. | **18** |
| **(d)** | *Cé acu de na hathruithe a ndearna tú cur síos orthu i gcuid **(c)** a rinne an difríocht ba shuntasaí, dar leat, do shaol na ndaoine? Tabhair fáthanna le do fhreagra.*<br>Athrú amháin aitheanta go soiléir: **3 mharc**<br>Dhá chúis maidir leis an bhfáth go bhfuil an t-athrú seo mar an ceann is suntasaí: **2 x 3 mharc**<br>Déan caighdeán gach cúise a mharcáil ar scála aistritheach de 3 mharc:<br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha** | **9** |

(36 marc)

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 360 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 360 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 270 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 271 - 273 | 26 |
| 274 - 276 | 25 |
| 277 - 280 | 24 |
| 281 - 283 | 23 |
| 284 - 286 | 22 |
| 287 - 290 | 21 |
| 291 - 293 | 20 |
| 294 - 296 | 19 |
| 297 - 300 | 18 |
| 301 - 303 | 17 |
| 304 - 306 | 16 |
| 307 - 310 | 15 |
| 311 - 313 | 14 |
| 314 - 316 | 13 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 317 - 320 | 12 |
| 321 - 323 | 11 |
| 324 - 326 | 10 |
| 327 - 330 | 9 |
| 331 - 333 | 8 |
| 334 - 336 | 7 |
| 337 - 340 | 6 |
| 341 - 343 | 5 |
| 344 - 346 | 4 |
| 347 - 350 | 3 |
| 351 - 353 | 2 |
| 354 - 356 | 1 |
| 357 - 360 | 0 |
| | |